CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1635 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Lúnasa 2023

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/74 lena leagtar amach an liosta chláir Interreg agus lena léirítear méid foriomlán na tacaíochta iomláine ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ó gach ionstraim maoinithe sheachtraigh den Aontas le haghaidh gach cláir agus liosta na méideanna a aistreofar idir sraitheanna faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh don tréimhse 2021 go 2027

(a tugadh fógra faoi le doiciméad C (2023) 5459)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gcoiste a bunaíodh le hAirteagal 115(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/74 ([3]), leag an Coimisiún amach liosta na gclár Interreg agus léirigh sé méid foriomlán na tacaíochta iomláine ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ('CFRE') agus, i gcás inarb infheidhme, an tacaíocht iomlán ó gach ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais le haghaidh gach cláir, arna miondealú de réir Ballstáit don tréimhse 2021 go 2027.

(2) Tá athrú ó bhonn tagtha ar staid slándála na hEorpa mar gheall ar an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin agus mar gheall ar an gcoinbhleacht armtha atá ar siúl ó shin. Sna conclúidí uaithi an 24 Feabhra 2022, cháin an Chomhairle Eorpach an t-ionsaí míleata i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le rannpháirtíocht na Bealarúise san ionsaí sin.

(3) Mar thoradh air sin, tá an Coimisiún tar éis ullmhú chláir Interreg idir an tAontas agus Cónaidhm na Rúise agus an Bhealarúis, faoi seach, a chur ar fionraí, agus tá sraith smachtbhannaí forchurtha ag an Aontas i gcoinne an dá thír. Na méideanna foriomlána le haghaidh 2022 a leithdháileadh ar chláir Interreg um chomhar trasteorann agus ar cuireadh an t-ullmhúchán ina leith ar fionraí, rinneadh iad a athdháileadh ar chláir Interreg eile in 2022 de bhun Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2021/1059.

([1]) (IO L 231, 30.6.2021, lch. 94).
([2]) (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/74 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2022 lena leagtar amach liosta chláir Interreg agus lena léirítear méid foriomlán na tacaíochta iomláine ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ó gach ionstraim maoinithe sheachtraigh den Aontas le haghaidh gach cláir agus liosta na méideanna a aistreofar idir sraitheanna faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh don tréimhse 2021 go 2027 (IO L 12, 19.1.2022, lch. 151).

(4) Ós rud é go bhfuil an fogha i gcoinne na hÚcráine fós ar siúl, maidir leis an staid atá ann faoi láthair i dtaca le cláir a raibh Cónaidhm na Rúise agus an Bhealarúis le bheith rannpháirteach iontu, tá an t-athrú bunúsach ar an gcaidreamh le Cónaidhm na Rúise agus leis an mBealarúis tar éis dul i gcion ar an staid sin ar bhealach a fhágann nach bhféadfaí na coinníollacha chun na cláir chomhair leo a chur chun feidhme a athbhunú faoi na coinníollacha agus laistigh de na tréimhsí ama a bhfuil coinne leo le Rialachán (AE) 2021/1059.

(5) Dá bhrí sin, chomhaontaigh an Coimisiún agus na Ballstáit a bhfuil difear á dhéanamh dóibh gan leanúint de chláir Interreg a ullmhú le Cónaidhm na Rúise agus leis an mBealarúis sa chlárthréimhse 2021-2027. Ba cheart, dá bhrí sin, na cláir a bhí beartaithe i dtús báire a scriosadh ó liosta na gclár Interreg atá le tacaíocht a fháil. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart rannpháirtíocht Chónaidhm na Rúise agus na Bealarúise in dhá chlár thrasnáisiúnta, a bhí pleanáilte i dtús báire, a chur ar ceal.

(6) Sa chomhthéacs sin, na leithdháiltí atá curtha i leataobh don chlárthréimhse iomlán go dtí 2027 maidir le cláir i gcomhar le Cónaidhm na Rúise agus leis an mBealarúis nach bhformheasfar le linn na tréimhse sin, ba cheart iad a athdháileadh in aon chéim amháin ar chláir Interreg eile atá ann cheana. Leis an athdháileadh, is é a d'fhéadfadh a bheith ann go háirithe na hacmhainní CFRE atá curtha i leataobh a aistriú chuig clár Interreg eile a fhaigheann tacaíocht freisin ón Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais arna leithdháileadh ar chomhar trasteorann (IPA III CBC) nó ó chistí na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta arna leithdháileadh ar chomhar trasteorann don limistéar geografach comharsanachta (ICFCI-CBC) nó ar chláir Interreg trasteorann inmheánacha ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann rannpháirteach.

(7) Ina theannta sin, de bhun Airteagal 9(5) de Rialachán (AE) 2021/1059, chuir roinnt Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoin modhnú ar an dáileadh dá sciar a tugadh le fios i dtús báire i dtaca le gach clár ina bhfuil siad rannpháirteach. Ba cheart na méideanna arna dtabhairt cothrom le dáta a léiriú sa Chinneadh seo freisin. Ina theannta sin, tar éis cinneadh a bheith déanta i gcás dhá chlár thrasnáisiúnta an cumhdach geografach a leathnú chuig tíortha eile, ba cheart Iarscríbhinn III a thabhairt cothrom le dáta.

(8) De réir na faisnéise uile a chuir na Ballstáit lena mbaineann in iúl, is gá, dá bhrí sin, liosta na gclár Interreg a thabhairt cothrom le dáta, mar aon le méid foriomlán na tacaíochta iomláine ó CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, an tacaíocht iomlán ó gach ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais le haghaidh gach cláir, arna miondealú de réir Ballstáit.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/74 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/74 mar a leanas:

1. Cuirtear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn I;
2. cuirtear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn II;
3. cuirtear Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn III.

Airteagal 2

Is ar na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Elisa FERREIRA
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN I

Liosta clár um chomhar trasteorann ina léirítear méid foriomlán na tacaíochta iomláine ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón Ionstraim Réamhaontachais (IPA III) agus ón Ionstraim um Fhorbairt Chomharsanachtaí agus um Chomhar Idirnáisiúnta (ICFCI)

Uimhir	CCI	Ainm an chláir	Ballstáit	Stáit nach Ballstáit iad	Ranníocaíocht fhoriomlán ó CFRE	Ranníocaíocht ó IPA II	Ranníocaíocht ó ICFCI	Iomlán
1	2021TC16RFCB001	(Interreg VI-A) Maas-Rijn/Meuse-Rhin/Maas-Rhein (NL-BE-DE)	NL BE DE		125 677 095			125 677 095
2	2021TC16RFCB002	(Interreg VI-A) an Ostair-an tSeicia	AT CZ		86 821 148			86 821 148
3	2021TC16RFCB003	(Interreg VI-A) an tSlóvaic-an Ostair	SK AT		55 500 000			55 500 000
4	2021TC16RFCB004	(Interreg VI-A) an Ostair-an Ghearmáin/an Bhaváir	AT DE		61 547 037			61 547 037
5	2021TC16RFCB005	(Interreg VI-A) an Spáinn-an Phortaingéil (POCTEP)	ES PT		320 622 726			320 622 726
6	2021TC16RFCB006	(Interreg VI-A) an Spáinn-an Fhrainc-Andóra (POCTEFA)	ES FR	AD	243 079 964			243 079 964
7	2021TC16RFCB007	(Interreg VI-A) an Ungáir-an Chróit	HU HR		58 070 103			58 070 103
8	2021TC16RFCB008	(Interreg VI-A) an Ghearmáin/an Bhaváir- an tSeicia	DE CZ		99 064 772			99 064 772
9	2021TC16RFCB009	(Interreg VI-A) an Ostair-an Ungáir	AT HU		49 561 200			49 561 200
10	2021TC16RFCB010	(Interreg VI-A) an Ghearmáin/ Brandenburg-an Pholainn	DE PL		88 300 000			88 300 000
11	2021TC16RFCB011	(Interreg VI-A) an Pholainn-an tSlóvaic	PL SK		132 526 462			132 526 462
12	2021TC16RFCB012	(Interreg VI-A) an Pholainn-an Danmhairg-an Ghearmáin-an Liotuáin-an tSualainn (Muir Bhailt Theas)	PL DK DE LT SE		93 802 411			93 802 411

Uimhir	CCI	Ainm an chláir	Ballstáit	Stáit nach Ballstáit iad	Ranníocaíocht fhoriomlán ó CFRE	Ranníocaíocht ó IPA II	Ranníocaíocht ó ICFCI	Iomlán
13	2021TC16RFCB013	(Interreg VI-A) an Fhionlainn-an Eastóin-an Laitvia-an tSualainn (Muir Bhailt Láir)	FI EE LV SE		162 499 043			162 499 043
14	2021TC16RFCB014	(Interreg VI-A) an Ungáir-an tSlóvaic	HU SK		133 270 755			133 270 755
15	2021TC16RFCB015	(Interreg VI-A) an tSualainn-an Iorua	SE	NO	47 200 000			47 200 000
16	2021TC16RFCB016	(Interreg VI-A) an Ghearmáin/an tSacsain- an tSeicia	DE CZ		152 364 968			152 364 968
17	2021TC16RFCB017	(Interreg VI-A) an Pholainn-an Ghearmáin/an tSacsain	PL DE		60 275 000			60 275 000
18	2021TC16RFCB018	(Interreg VI-A) an Ghearmáin/ Mecklenburg Pomerania Thiar/Brandenburg-an Pholainn	DE PL		124 580 000			124 580 000
19	2021TC16RFCB019	(Interreg VI-A) an Ghréig-an Iodáil	EL IT		79 582 928			79 582 928
20	2021TC16RFCB020	(Interreg VI-A) an Rómáin-an Bhulgáir	RO BG		163 497 401			163 497 401
21	2021TC16RFCB021	(Interreg VI-A) an Ghréig-an Bhulgáir	EL BG		67 162 945			67 162 945
22	2021TC16RFCB022	(Interreg VI-A) an Ghearmáin-an Ísiltír	DE NL		240 775 132			240 775 132
23	2021TC16RFCB023	(Interreg VI-A) an Ghearmáin-an Ostair-an Eilvéis-Lichtinstéin (Alpenrhein-Bodensee-Hochrhein)	DE AT	CH LI	47 569 062			47 569 062
24	2021TC16RFCB024	(Interreg VI-A) an tSeicia-an Pholainn	CZ PL		178 870 508			178 870 508
25	2021TC16RFCB025	(Interreg VI-A) an tSualainn-an Danmhairg-an Iorua (Öresund-Kattegat-Skagerrak)	SE DK	NO	141 300 000			141 300 000

Uimhir	CCI	Ainm an chláir	Ballstáit	Stáit nach Ballstáit iad	Ranníocaíocht fhoriomlán ó CFRE	Ranníocaíocht ó IPA II	Ranníocaíocht ó ICFCI	Iomlán
26	2021TC16RFCB026	(Interreg VI-A) an Laitvia-an Liotuáin	LV LT		45 926 498			45 926 498
27	2021TC16RFCB027	(Interreg VI-A) an tSualainn-an Fhionlainn-an Iorua (AURORA)	SE FI	NO	125 314 359			125 314 359
28	2021TC16RFCB028	(Interreg VI-A) an tSlóivéin-an Chróit	SI HR		41 844 493			41 844 493
29	2021TC16RFCB029	(Interreg VI-A) an tSlóvaic-an tSeicia	SK CZ		85 323 597			85 323 597
30	2021TC16RFCB030	(Interreg VI-A) an Liotuáin-an Pholainn	LT PL		99 681 967			99 681 967
31	2021TC16RFCB031	(Interreg VI-A) an Iodáil-an Fhrainc (Muirí)	IT FR		154 636 861			154 636 861
32	2021TC16RFCB032	(Interreg VI-A) an Fhrainc-an Iodáil (ALCOTRA)	FR IT		182 330 487			182 330 487
33	2021TC16RFCB033	(Interreg VI-A) an Iodáil-an Eilvéis	IT	CH	82 346 673			82 346 673
34	2021TC16RFCB034	(Interreg VI-A) an Iodáil-an tSlóivéin	IT SI		70 898 662			70 898 662
35	2021TC16RFCB035	(Interreg VI-A) an Iodáil-Málta	IT MT		46 083 225			46 083 225
36	2021TC16RFCB036	(Interreg VI-A) an Fhrainc-an Ghearmáin-an Eilvéis (an Réin Uachtair)	FR DE	CH	125 117 615			125 117 615
37	2021TC16RFCB037	(Interreg VI-A) an Fhrainc-an Eilvéis	FR	CH	69 766 796			69 766 796
38	2021TC16RFCB038	(Interreg VI-A) an Iodáil-an Chróit	IT HR		178 179 438			178 179 438

Uimhir	CCI	Ainm an chláir	Ballstáit	Stáit nach Ballstáit iad	Ranníocaíocht fhoriomlán ó CFRE	Ranníocaíocht ó IPA II	Ranníocaíocht ó ICFCI	Iomlán
39	2021TC16RFCB039	(Interreg VI-A) an Bheilg-an Fhrainc (Wallonie-Vlaanderen-an Fhrainc)	BE FR		286 882 570			286 882 570
40	2021TC16RFCB040	(Interreg VI-A) an Fhrainc-an Bheilg-an Ghearmáin-Lucsamburg (Grande Région/Großregion)	FR BE DE LU		181 942 401			181 942 401
41	2021TC16RFCB041	(Interreg VI-A) an Bheilg-an Ísiltír (Vlaanderen-Nederland)	BE NL		205 405 605			205 405 605
42	2021TC16RFCB042	(Interreg VI-A) an Rómáin-an Ungáir	RO HU		140 752 020			140 752 020
43	2021TC16RFCB043	(Interreg VI-A) an Eastóin-an Laitvia	EE LV		27 868 129			27 868 129
44	2021TC16RFCB044	(Interreg VI-A) an Iodáil-an Ostair	IT AT		73 071 805			73 071 805
45	2021TC16RFCB045	(Interreg VI-A) an tSlóivéin-an Ungáir	SI HU		14 109 017			14 109 017
46	2021TC16RFCB046	(Interreg VI-A) an tSlóivéin-an Ostair	SI AT		45 846 198			45 846 198
47	2021TC16RFCB047	(Interreg VI-A) an Ghréig-an Chipir	EL CY		45 991 214			45 991 214
48	2021TC16RFCB048	(Interreg VI-A) an Ghearmáin-an Danmhairg	DE DK		93 771 505			93 771 505
49	2014TC16RFPC001	PEACE PLUS Éire-Tuaisceart Éireann/an Ríocht Aontaithe	IE	AN RÍOCHT AONTAITHE	234 474 919			234 474 919
50	2021TC16IPCB006	(Interreg VI-A) IPA an Bhulgáir - an Mhacadóin Thuaidh	BG	MK	12 916 849	13 562 691		26 479 540
51	2021TC16IPCB007	(Interreg VI-A) IPA an Bhulgáir - an tSeirbia	BG	RS	15 804 360	16 594 578		32 398 938
52	2021TC16IPCB005	(Interreg VI-A) IPA an Bhulgáir - Türkiye	BG	TR	14 269 738	14 983 225		29 252 963

Uimhir	CCI	Ainm an chláir	Ballstáit	Stáit nach Ballstáit iad	Ranníocaíocht fhoriomlán ó CFRE	Ranníocaíocht ó IPA II	Ranníocaíocht ó ICFCI	Iomlán
53	2021TC16IPCB003	(Interreg VI-A) IPA an Chróit-an tSeirbia	HR	RS	18 673 977	19 607 676		38 281 653
54	2021TC16IPCB004	(Interreg VI-A) IPA an Chróit-an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin-Montainéagró	HR	BA ME	57 407 658	60 278 041		117 685 699
55	2021TC16IPCB010	(Interreg VI-A) IPA an Ghréig - an Albáin	EL	AL	13 000 000	13 650 000		26 650 000
56	2021TC16IPCB009	(Interreg VI-A) IPA an Ghréig - an Mhacadóin Thuaidh	EL	MK	13 000 000	13 650 000		26 650 000
57	2021TC16IPCB001	(Interreg VI-A) IPA an Ungáir - an tSeirbia	HU	RS	31 000 000	32 550 000		63 550 000
58	2021TC16IPCB008	(Interreg VI-A) IPA an Iodáil-an Albáin-Montainéagró (Muir Aidriad Theas)	IT	AL ME	32 695 846	34 330 638		67 026 484
59	2021TC16IPCB002	(Interreg VI-A) IPA an Rómáin - an tSeirbia	RO	RS	36 374 062	38 192 765		74 566 827
60	2021TC16NXCB010	(Interreg VI-A) NEXT an Ungáir-an tSlóvaic-an Rómáin-an Úcráin	HU SK RO	UA	30 998 055		52 183 994	83 182 049
61	2021TC16NXCB013	(Interreg VI-A) NEXT an Iodáil - an Túinéis	IT	TN	16 010 314		16 330 520	32 340 834
62	2021TC16NXCB009	(Interreg VI-A) NEXT an Pholainn-an Úcráin	PL	UA	87 900 000		147 976 156	235 876 156
63	2021TC16NXCB011	(Interreg VI-A) NEXT an Rómáin-Poblacht na Moldóive	RO	MD	36 250 000		61 025 434	97 275 434
64	2021TC16NXCB012	(Interreg VI-A) NEXT an Rómáin-an Úcráin	RO	UA	25 350 000		42 675 717	68 025 717
				Iomlán:	6 112 737 573	257 399 614	320 191 821	6 690 329 008’

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN II

Liosta na gclár um chomhar trasnáisiúnta ina léirítear méid foriomlán na tacaíochta iomláine ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón Ionstraim Réamhaontachais (IPA III) agus ón Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI)

Uimhir	CCI	Ainm an chláir	Ballstáit	Stáit nach Ballstáit iad	Ranníocaíocht fhoriomlán ó CFRE	Ranníocaíocht ó IPA III	Ranníocaíocht ó ICFCI	Iomlán
1	2021TC16IPTN001	(Interreg VI-B) IPA Muir Aidriad-Muir Iónach	EL HR IT SI	AL BA ME RS SM MK	65 848 129	70 840 386		136 688 515
2	2021TC16RFTN001	(Interreg VI-B) Spás na nAlp	DE FR IT AT SI	CH LI	107 051 188			107 051 188
3	2021TC16RFTN002	(Interreg VI-B) Limistéar an Atlantaigh	ES FR PT IE		113 075 964			113 075 964
4	2021TC16FFTN003	(Interreg VI-B) Réigiún Mhuir Bhailt	DE DK EE LV LT PL FI SE	NO	250 984 823			250 984 823
5	2021TC16RFTN003	(Interreg VI-B) an Eoraip Láir	CZ DE IT HR HU AT PL SI SK		224 623 802			224 623 802
6	2021TC16FFTN004	(Interreg VI-B) Danube	AT BG CZ DE HR HU RO SI SK	BA ME RS MD UA	165 424 228	30 000 000	29 179 524	224 603 752
7	2021TC16FFTN001	(Interreg VI-B) Eora-Mheánmhuir (EURO MED)	BG EL ES FR HR IT CY MT PT SI	ME MK AL BA	216 559 226	18 340 000		234 899 226
8	2021TC16FFTN005	(Interreg VI-B) Imeall Thuaidh agus Artach	IE FI SE	FO GL IS NO	43 716 415			43 716 415
9	2021TC16RFTN004	(Interreg VI-B) an Mhuir Thuaidh	BE DK DE FR NL SE	NO	171 154 311			171 154 311
10	2021TC16RFTN005	(Interreg VI-B) an Eoraip Thiar Thuaidh	BE DE FR IE NL LU	CH	310 480 455			310 480 455
11	2021TC16RFTN006	(Interreg VI-B) an Eoraip Thiar Theas (SUDOE)	ES FR PT	AD	125 237 199			125 237 199

Uimhir	CCI	Ainm an chláir	Ballstáit	Stáit nach Ballstáit iad	Ranníocaíocht fhoriomlán ó CFRE	Ranníocaíocht ó IPA III	Ranníocaíocht ó ICFCI	Iomlán
12	2021TC16NXTN001	(Interreg VI-B) NEXT Imchuach na Meánmhara (NEXT MED)	EL ES FR IT MT CY PT	TR DZ EG IL JO LB PS TN	96 199 962	9 500 000	157 394 763	263 094 725
13	2021TC16NXTN003	(Interreg VI-B) NEXT an tAtlantach Láir	ES PT	MA	36 123 317		36 418 825	72 542 142
14	2021TC16NXTN002	(Interreg VI-B) NEXT Imchuach na Mara Duibhe	BG EL RO	TR UA AM GE MD	14 552 489	9 500 000	60 958 067	85 010 556
				Iomlán:	1 941 031 508	138 180 386	283 951 179	2 363 163 073’

IARSCRÍBHINN III

'IARSCRÍBHINN III

Liosta na gclár um chomhar idir-réigiúnach ina léirítear méid foriomlán na tacaíochta iomláine ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), agus ón Ionstraim Réamhaontachais (IPA III) agus ón Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI)

Uimhir	CCI	Ainm an chláir	Ballstáit	Stáit nach Ballstáit iad	Ranníocaíocht fhoriomlán ó CFRE	IPA III ranníocaíocht	Ranníocaíocht ó ICFCI	Iomlán
1	2021TC16RFIR001	(Interreg VI-C) Interreg an Eoraip	Na Ballstáit uile	NO CH UA MD AL BA ME MK RS	379 482 670		5 000 000	384 482 670
2	2021TC16FFIR001	(Interreg VI-C) Urbact IV	Na Ballstáit uile	NO CH UA MD AL BA ME MK RS	79 769 799	5 000 000	2 000 000	86 769 799
3	2021TC16RFIR004	(Interreg VI-C) Clár um Chomhar ESPON 2030	Na Ballstáit uile	NO CH IS LI	48 000 000			48 000 000
4	2021TC16RFIR002	(Interreg VI-C) Interact	Na Ballstáit uile	NO CH	45 000 000			45 000 000
				Iomlán:	552 252 469	5 000 000	7 000 000	564 252 469'